Nuachtlitir 6

Iniata leis seo tá Litir ó Choiste na dTuismitheoirí. Ba mhaith leis an mBord Bainistíochta agus Foireann na Scoile ár mbuíochas a ghabháil leis an gCoiste don obair ar fad a dhéanann siad i rith na bliana, táimid an-bhuíoch díbh.

Attached with this is a letter from the Parent's Committee. The Board of Management and school staff would like to thank the committee for all the work they have done over the year, we are very grateful.

Clárúchán
Tá polasaí iontrála nua ag GSCD, tá sé ar fáil anseo. Le do thoil cuir glaoch orainn an tseachtain seo chugainn muna bhfuil glaoch faighte agat ón scoil maidir le páistí a chlárú sna Naíonáin Bheaga don bhliain seo chugainn. Tá áiteanna fós ar fáil sa scoil go dtí an 9ú Samhain, le do thoil roinn an t-eolas le bhur gcairde agus bhur gcomharsana.

Enrolment
GSCD has a new enrolment policy, it can be viewed here. Please ring us this week if you haven't already received a call from us regarding enrolling your child for the 2021/22 school year. There are still places available until the 9th November, please spread this information amongst friends and family.

Teacht ar scoil agus Árachas Scoile -Allianz
De dheasca srianta Covid-19 atá i bhfeidhm maidir le bailiú le chéile, i mbliana osclóidh foirgneamh na scoile seo do dhaltaí ag 8.50a.m. **Níl an scoil freagrach as daltaí a thiocfaidh roimh an am sin. Níl aon mhaoirseacht ar fáil roimh 8.50am.** Tosóidh ranganna ag 9.05a.m. gach lá, ba chóir go mbeadh gach páiste ar scoil ag 9.05 ar a dheireanaí. Críochnóidh ranganna ag 2.40 p.m. gach lá. Más mian le tuismitheoirí go mbaileoidh duine éigin a gcuid leanaí ba chóir dóibh a gcuid socruithe féin a dhéanamh agus ba chóir don té a bhaileoidh iad a bheith ag an scoil ag 2.40 p.m. ar a dheireanaí mar nach mbeidh an scoil freagrach as na leanaí i ndiaidh an ama sin. Maidir le leanaí a úsáideann bus scoile, níl an scoil freagrach as na leanaí a thagann ar scoil roimh 8.50am. Le bhur dtoil déan cinnte go bhfuil an t-eolas seo ag an té a thógann do pháiste ar scoil nó abhaile ón scoil.

Coming to school and School Insurance - Allianz
Due to the Covid-19 restriction on congregation for this school year the school building will open to receive pupils at 8.50a.m. **No responsibility is accepted for pupils arriving on school premises before that time. There is no supervision provided before 8.50.** Classes will commence each day at 9.05 a.m. each child should be in the school building at 9.05a.m. Classes will end each day at 2.40p.m. Parents who wish to have their children collected after school should make their own arrangements and the person to collect them should be at the school no later than 2.40p.m as the school cannot accept responsibility for looking after the children after that time. In the case of children travelling by the school bus, the school can take no responsibility for pupils arriving by bus before 8.50am. Please ensure that whoever brings your child to and collects your child from school is aware of these times.

Bíodh deireadh seachtaine álainn slán agaibh go léir.
Le meas,
Príomhoide Niamh